

# ELeathanach 453



Dé Luain, an 11 Nollaig 2023

**Bainigí taitneamh as an mbriseadh.**

**Beidh Eleathanach ar ais arís ar an 15 Eanáir 2024**







## Féile *Loy Krathong* sa Téalainn: smaoineamh nua-aimseartha

Is féile bhliantúil é *Loy Krathong.* Ceiliúrann daoine é sa Téalainn agus in áiteanna eile san Áise agus ar fud an domhain. Is féile sheanbhunaithe é *Loy Krathong* agus baineann sé leis an reiligiún Búdachas.

Baineann daoine úsáid as ábhar nádúrtha chun "krathong" a chruthú; ciseán is ea "krathong". Ansin, seolann siad na ciseáin sna haibhneacha chun ómós a léiriú do bhandia an uisce.

Tar éis na féile, bailíonn daoine na ciseáin agus na báid ó na haibhneacha agus is féidir iad a úsáid mar bhia d'ainmhithe.

I mbliana, bhí smaoineamh nua-aimseartha acu. Tharraing daoine níos mó ná 3,000 pictiúr de "krathong" agus ghlac siad grianghraif díobh. Ansin thaispeáin siad na grianghraif ar abhainn dhigiteach! Chiallaigh sé seo go raibh níos lú ciseán san uisce agus níos lú oibre le déanamh ag glanadh. Níos fearr don timpeallacht, gan amhras.

## Curiarracht Dhomhanda sa Snámh

Is snámhaí é Daniel Wiffen ó Chontae Ard Mhacha. Tá sé 22 bliain d'aois. Ghlac sé páirt i gCraobhchomórtas Ghearrchúrsa na hEorpa sa Rómáin an tseachtain seo caite. Bhuaigh sé trí bhonn óir sa snámh.

Dé Domhnaigh tháinig sé sa chéad áit i Saorstíl 800m na bhfear. Ach níos tábhachtaí, d'éirigh leis an churiarracht dhomhanda a bhaint amach.

Shnámh sé an 800m i 7:20.46, am a bhí 3 shoicind níos tapúla ná an churiarracht ó 2001. Is é seo an chéad uair a d'éirigh le hÉireannach curiarracht dhomhanda sa snámh a bhaint amach.

Beidh Daniel anois ag ullmhú do na Cluichí Oilimpeacha an bhliain seo chugainn.





## Déagóirí ó Dhún na nGall i bhfíseán Ed Sheeran!

Is ball foirne í Edel Temple ó Finn Valley College i Srath an Urláir. Chonaic sí comórtas Ed Sheeran ar líne. Bhí sé ag lorg físeán óna lucht leanúna le cur leis na hamhráin ar a albam is déanaí.

Rinne scoláirí ón scoil físeán don amhrán *Magical*, ach níor thuig siad go raibh siad ag glacadh páirte i gcomórtas!

Bhí ionadh an domhain orthu nuair a fuair siad an scéal - agus go speisialta an teachtaireacht ó Ed é féin - ag gabháil buíochais leo.

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta